C/2025/3236

18.6.2025

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN

faisnéis cothrom le dáta a sholáthar chun sciartha sholáthar an Aontais Eorpaigh de tháirgí deiridh agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh tríú tíortha éagsúla a chinneadh faoi Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta).

(C/2025/3236)

CLÁR NA nÁBHAR

Leathanach

I. RÉAMHRÁ 2

II. SCIARTHA DE SHOLÁTHAR AN AONTAIS DE THIONSCNAMH TRÍÚ TÍORTHA ÉAGSÚLA 3

III. SCIARTHA DE SHOLÁTHAR AN AONTAIS DE THIONSCNAMH NA dTRÍÚ TÍORTHA UILE 6

IV. MODHEOLAÍOCHT CHUN MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR SCIARTHA SHOLÁTHAR AN AONTAIS 9

a. ‘Soláthar an Aontais’ 9

b. ‘Sciartha de sholáthar an Aontais’ 10

c. Príomhfhoinsí sonraí 11

d. Foinsí sonraí eile atá le húsáid in éagmais cóid AC shonracha 11

e. Éagsúlachtaí i ríomh ‘sciartha de sholáthar an Aontais’ 13

V. TÁBLAÍ CÚLRA 17

I. **RÉAMHRÁ**

Le Rialachán (AE) 2024/1735 ('an Rialachán maidir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta') ([1]) bunaítear creat chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag an Aontas ar sholáthar slán inbhuanaithe teicneolaíochtaí glan-nialasachta trí éagsúlú a slabhraí soláthair a chur chun cinn agus trí fheabhas a chur ar acmhainneacht mhonaraíochta intíre na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta.

Faoi Airteagail 25, 26 agus 28 den Rialachán maidir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, tá critéir neamhphraghais — lena n-áirítear an rannchuidiú leis an athléimneacht — le cur i bhfeidhm sa soláthar poiblí, i gceantanna fuinnimh in-athnuaite agus i gcineálacha eile idirghabhála poiblí chun bonn tionsclaíoch a fhorbairt agus a choinneáil ar bun le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta, chun soláthar fuinnimh an Aontais Eorpaigh (AE) a dhaingniú agus chun spleáchais ar sholáthar na dteicneolaíochtaí sin a sheachaint. Chun measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú leis an athléimneacht, ghlac an Coimisiún, bunaithe ar Airteagal 29(2) de Rialachán NZIA, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ([2]).

Sa chomhthéacs sin agus ar bhonn an Rialacháin Cur Chun Feidhme sin, mar a cheanglaítear leis an dara habairt d'Airteagal 29(2) de Rialachán NZIA, soláthraítear leis an Teachtaireacht seo faisnéis cothrom le dáta maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tíortha éagsúla le linn na bliana is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith. Cumhdaítear leis táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha (féach Roinn II) ([3]).

Le hAirteagal 13(1)(a)(i) den Rialachán maidir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, ceanglaítear ar na Ballstáit aitheantas mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a thabhairt do na tionscadail monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta sin a mhéadaíonn acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais le haghaidh teicneolaíocht ghlan-nialasachta, a bhfuil an tAontas ag brath níos mó ná 50 % ar allmhairí a thagann ó thríú tíortha ina leith. Sa chomhthéacs sin, cuidíonn an Teachtaireacht seo leis na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta lena n-aithint mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta faoin bhforáil sin. Déanann sé amhlaidh trí fhaisnéis cothrom le dáta a sholáthar maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais de thionscnamh na dtríú tíortha uile le linn na bliana is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith (féach Roinn III).

Faoi láthair, ní féidir ach sonraí a sholáthar maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais le haghaidh 25 tháirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha. I gcás na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta atá fágtha, mar gheall ar easpa staitisticí mionsonraithe, ní féidir anailís a dhéanamh go fóill ar sciartha sholáthar an Aontais. Dá bhrí sin, ní féidir an rannchuidiú athléimneachta a chur i bhfeidhm maidir leis na táirgí deiridh sin agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha nach bhfuil na sciartha de sholáthar an Aontais ar fáil ina leith.

Is iad an mhodheolaíocht agus na foinsí sonraí a úsáidtear chun sciartha sholáthar an Aontais a ríomh an rogha is fearr atá ar fáil an tráth seo. Chun an ceann is fearr a fháil ar na staitisticí teoranta, tá an Coimisiún i mbun cóid bhreise na hAinmníochta Comhcheangailte (AC) a bhaineann go sonrach le teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt. Cuideoidh na cóid nua sin le spleáchais straitéiseacha a shainaithint in earnáil na teicneolaíochta glan-nialasachta, rud a rannchuideoidh ar deireadh le slabhra soláthair níos athléimní agus níos sláine a chruthú. De réir mar a bheidh sonraí nua ar fáil, cuirfidh an Coimisiún feabhas freisin ar an modheolaíocht chun sciartha sholáthar an Aontais a ríomh.

Soláthróidh an Coimisiún faisnéis a thabharfar cothrom le dáta go bliantúil maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tíortha éagsúla le haghaidh na bliana is déanaí atá ar fáil trí theachtaireacht thiomnaithe. Soláthrófar réamhshonraí neamhfhoirmiúla maidir le sciartha sholáthar an Aontais sa tríú ráithe. Ina dhiaidh sin, sa chéad ráithe den bhliain ina dhiaidh sin, glacfar an teachtaireacht leis na sonraí oifigiúla maidir le sciartha sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tíortha éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 29(2) de Rialachán NZIA. Is í an teachtaireacht seo foinse na faisnéise oifigiúla chun tionscnamh teicneolaíochta glan-nialasachta sonraí nó a príomh-chomhpháirteanna sonracha i dtríú tír a chinneadh mar a luaitear in Airteagal 25 de Rialachán NZIA agus in Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1176 ón gCoimisiún ([4]). Tá gá le nuashonruithe bliantúla ar sciartha sholáthar an Aontais chun léiriú a thabhairt ar chineál dinimiciúil na slabhraí soláthair domhanda agus ar na sciartha athraitheacha de sholáthar an Aontais a bhfuil tionchar ag tosca orthu amhail athruithe ar an acmhainneacht mhonaraíochta, athruithe ar phatrúin trádála, forbairtí geopholaitiúla, agus dinimic an mhargaidh.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún maidir le rialacha a leagan síos chun Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an liosta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú leis an athléimneacht (IO L, 2025/1178, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1178/oj).

([3]) Ar dháta an fhoilsithe, is é 2023 an bhliain is déanaí atá ar fáil.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1176 ón gCoimisiún lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin agus na critéir dhámhachtana le haghaidh ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur in úsáid (IO L, 2025/1176, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1176/oj).

Tá an Teachtaireacht seo struchtúrtha mar a leanas:

— Soláthraítear i Roinn II na sciartha de sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tíortha éagsúla (ábhartha d'Airteagail 25, 26 agus 28 de Rialachán NZIA);

— I Roinn III leagtar amach sciartha soláthar an Aontais de thionscnamh na dtríú tíortha uile (ábhartha d'Airteagal 13(1)(a)(i) den Rialachán maidir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta);

— Sonraítear i Roinn IV an mhodheolaíocht a úsáidtear chun sciartha soláthar an Aontais a ríomh.

II. SCIARTHA DE SHOLÁTHAR AN AONTAIS DE THIONSCNAMH TRÍÚ TÍORTHA ÉAGSÚLA

Sonraítear i dTábla 1 na sciartha de sholáthar an Aontais ó na trí thríú tír thionscnaimh lena mbaineann an luach is airde allmhairí chuig an Aontas. Cumhdaítear leis an oiread táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha agus is féidir ó na táirgí a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún.

Tábla 1

Scaireanna de sholáthar an Aontais ó na trí thríú tír thionscnaimh ag a bhfuil an luach is mó allmhairí, 2023

Fochatagóir na teicneolaíochta glan-nialasachta	Táirge deiridh	Príomh-chomhpháirt shonrach	Sciar ón soláthróir tríú tír is mó [tír]	Sciar ón dara soláthróir tríú tír is mó [tír]	Sciar ón tríú soláthróir tríú tír is mó[tír]	Modheolaíocht
Teicneolaíochtaí fótavoltacha	**Córais fhótavoltacha ghréine**		**79 % [an tSín]**	1 % [an tSeapáin]		**Teaglaim de chóid AC**
Teicneolaíochtaí fótavoltacha		**Modúil fhótavoltacha + cealla fótavoltacha nó a gcoibhéis[4]**	**94 % [an tSín]**			**Cóid AC**
Teicneolaíochtaí fótavoltacha		**Inbhéartóirí fótavoltacha**	**50 % [an tSín]**	3 % [an tSeapáin]	2 % [an Ríocht Aontaithe]	**Cóid AC**
Teicneolaíochtaí fótavoltacha		**Sliseoga fótavoltacha nó a gcoibhéis** ([1])	**79 % [an tSín]**	6 % [na Stáit Aontaithe]	6 % [an Téaváin]	**Cóid TARIC**
Teicneolaíochtaí grianteasa	Córais grianteasa		2 % [an tSín]			Cóid AC
Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír, teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta	Tuirbíní gaoithe ar tír; Tuirbíní gaoithe amach ón gcósta ([2])		2 % [An India]			Cóid AC
Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír, teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta		Túir	9 % [an Tuirc]			Cóid TARIC
Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír, teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta		**Buanmhaighnéid tuirbíní gaoithe**	**93 % [an tSín]**	6 % [an tSeapáin]		**ERMA**

Fochatagóir na teicneolaíochta glan-nialasachta	Táirge deiridh	Príomh-chomhpháirt shonrach	Sciar ón soláthróir tríú tír is mó [tír]	Sciar ón dara soláthróir tríú tír is mó [tír]	Sciar ón tríú soláthróir tríú tír is mó[tír]	Modheolaíocht
Teicneolaíochtaí ceallraí	**Ceallra-phacaí; modúil ceallraí; cealla ceallraí**	**Ceallra-phacaí; modúil ceallraí; cealla ceallraí**	**50 % [an tSín]**	4 % [An Chóiré]	1 % [an tSeapáin]	**Cóid AC**
Teicneolaíochtaí ceallraí		Deighilteoirí	19 % [An Chóiré]	17 % [an tSín]	10 % [an Ríocht Aontaithe]	Cóid AC
Teicneolaíochtaí ceallraí		**Ábhair ghníomhacha anóide**	**81 % [an tSín]**	18 % [An Chóiré]		**IEA**
Teicneolaíochtaí stórála imtharraingtí	Hidreastóráil phumpála		1 % [an tSín]			Cóid AC
Teicneolaíochtaí teaschaidéal	Teaschaidéil		11 % [an tSín]	2 % [an tSeapáin]	2 % [an Eilvéis]	Cóid AC
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais	Fostáisiúin ar tír; Fostáisiúin amach ón gcósta		31 % [an tSín]	3 % [an Tuirc]	2 % [an Eilvéis]	Cóid AC
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais		Cáblaí agus línte le haghaidh tarchur agus dáileadh leictreachais, agus cáblaí lena nasctar teicneolaíochtaí glan-nialasachta leis an eangach leictreachais (línte lasnairde, cáblaí faoi thalamh agus cáblaí faoin bhfarraige, lena n-áirítear HVDC agus HVAC) + seoltóirí leictreacha (lena n-áirítear ardseoltóirí agus forsheoltóirí ardteochta)	4 % [an Tuirc]	3 % [an Eilvéis]	2 % [an tSín]	Cóid AC
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais	Claochladáin chumhachta	Claochladáin chumhachta	9 % [an Tuirc]	6 % [an tSín]	2 % [an Eilvéis]	Cóid AC

Fochatagóir na teicneolaíochta glan-nialasachta	Táirge deiridh	Príomh-chomhpháirt shonrach	Sciar ón soláthróir tríú tír is mó [tír]	Sciar ón dara soláthróir tríú tír is mó [tír]	Sciar ón tríú soláthróir tríú tír is mó[tír]	Modheolaíocht
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais		Lascthrealamh; Caibinéid leictreonacha; Córais busbharraí	5 % [an Iorua]	5 % [an tSín]	5 % [an Tuirc]	Cóid AC
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais		Scoradáin chiorcaid	5 % [an Eilvéis]	5 % [an tSín]	5 % [an Ríocht Aontaithe]	Cóid AC
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais		Inslitheoirí	14 % [an tSín]	3 % [an Eilvéis]	2 % [na Stáit Aontaithe]	Cóid AC
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais		Dínascóirí	7 % [an Eilvéis]	2 % [An Chóiré]		Cóid AC
Teicneolaíochtaí timthrialla breosla núicléach		Lártheifneoirí	2 % [an Eilvéis]			Cóid AC
Teicneolaíochtaí hidreachumh-achta	Córais hidreat-uirbíní		1 % [an tSín]			Cóid AC
Teicneolaíochtaí hidreachumh-achta		Reathairí hidreatuirbíní + Dáileoirí le heití treorach	4 % [an Tuirc]	2 % [An India]	1 % [an Eilvéis]	Cóid AC
Teicneolaíochtaí claochlaitheacha tionsclaíocha le haghaidh an dícharbónaithe	Téitheoirí/ foirnéisí ionduchtai-the tionsclaío-cha	Téitheoirí/foirnéisí ionduchtaithe tionsclaíocha	4 % [an Ríocht Aontaithe]	2 % [An Chóiré]	1 % [an Tuirc]	Cóid AC
Teicneolaíochtaí claochlaitheacha tionsclaíocha le haghaidh an dícharbónaithe		Leictreoidí graifíte nó carbóin le haghaidh foirnéisí leictreacha	15 % [an tSín]	8 % [An India]	2 % [an tSeapáin]	Cóid AC

([1]) Tagraíonn an téarma 'coibhéis' do chéimeanna comhchosúla nó d'eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin a bhfuil gá leo le haghaidh teicneolaíochtaí tanascannáin, teaindim nó teicneolaíochtaí fótavoltacha eile.

([2]) Leis na treochtaí domhanda agus na treochtaí AE atá ann faoi láthair agus atá réamh-mheasta i ndáil le soláthar agus éileamh le haghaidh teicneolaíochtaí ar tír/amach ón gcósta, mar aon leis an bhfíoras gur mó acmhainneacht táirgeachta na Síne ná 50 % den táirgeadh domhanda (an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, Peirspictíochtaí Teicneolaíochta Fuinnimh 2024) agus go sáraíonn táirgeadh réamh-mheasta na Síne a spriocanna intíre agus an t-éileamh intuartha, tugtar le fios go bhfuil riosca mór ann go mbeidh spleáchas méadaithe ar allmhairí ón tSín le haghaidh teicneolaíochtaí ar tír/amach ón gcósta, cé nach léirítear é sin go fóill i sciartha 2023 de sholáthar an Aontais a léirítear i dTábla 1.

Nótaí:

— Léirítear sciartha sholáthar an Aontais i gcolúin 4-6. Slánaítear na luachanna a léirítear go dtí an tslánuimhir is gaire.

— Ní shonraítear sciartha faoi bhun 1 %.

— I gcló trom agus scáthú oráiste éadrom air: teicneolaíochtaí glan-nialasachta ag a bhfuil sciar de sholáthar an Aontais os cionn 50 % nó os cionn 40 % agus a bhfuil méadú 10 bpointe céatadáin ar a laghad tagtha orthu ar an meán ar feadh 2 bhliain as a chéile.

— Comhlíonann táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta ar aschur monarchan iad na critéir chun go measfar gur príomh-chomhpháirteanna sonracha iad, agus dá bhrí sin áirítear iad sa dá cholún.

— I gcás ina n-áirítear i gcill i dTábla 1 iliomad teicneolaíochtaí glan-nialasachta arna ndeighilt ag ';' ciallaíonn sé go bhfuil feidhm ag an sciar maidir le gach teicneolaíocht ghlan-nialasachta. Léirítear leis an tsiombail '+' go bhfuil feidhm ag an sciar maidir leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta uile le chéile.

— Tagraíonn an mhodheolaíocht 'cóid AC' d'úsáid chóid na hAinmníochta Comhcheangailte mar a léirítear i Roinn IV '*Príomhfhoinsí sonraí*'.

— Tagraíonn an mhodheolaíocht 'cóid TARIC' d'úsáid chóid TARIC mar a léirítear i Roinn IV '*Foinsí sonraí eile atá le húsáid in éagmais cóid AC shonracha*'.

— Tagraíonn an mhodheolaíocht 'Teaglaim de chóid AC' don teaglaim de roinnt cóid AC a bhaineann le roinnt comhpháirteanna, mar a dtugtar tuairisc uirthi i Roinn IV '*Athruithe i ríomh "sciartha de sholáthar an Aontais"*' foranna (i) agus (ii).

— Tagraíonn modheolaíocht 'IEA' d'úsáid thorthaí anailís na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh mar a léirítear i Roinn IV '*Foinsí sonraí eile atá le húsáid in éagmais cóid AC shonracha*'.

— Tagraíonn an mhodheolaíocht 'ERMA' do thorthaí na hanailíse de chuid Chomhghuaillíocht Amhábhar an Aontais mar a léirítear i Roinn IV '*Foinsí sonraí eile atá le húsáid in éagmais cóid AC shonracha*'.

— PV = fótavoltach, HVDC = sruth díreach ardvoltais, HVAC = sruth ailtéarnach ardvoltais.

— An tSín = Daon-Phoblacht na Síne.

III. SCIARTHA DE SHOLÁTHAR AN AONTAIS DE THIONSCNAMH NA dTRÍÚ TÍORTHA UILE

Cuirtear faisnéis ar fáil i dTábla 2 maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais ó gach tríú tír thionscnaimh den oiread táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus de na príomh-chomhpháirteanna sonracha agus is féidir ó na táirgí a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún. Is é is cuspóir don chuid seo tacú leis na Ballstáit sa phróiseas chun tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a roghnú mar a shonraítear in Airteagal 13(1)(a)(i) den Rialachán maidir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta.

Tábla 2

Sciartha de sholáthar an Aontais ó gach tír thionscnaimh nach tíortha de chuid an Aontais iad le haghaidh táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus príomh-chomhpháirteanna sonracha, 2023

Fochatagóir na teicneolaíochta glan-nialasachta	Táirge deiridh	Príomh-chomhpháirt shonrach	An sciar de sholáthar an Aontais ó thíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad	Modheolaíocht
Teicneolaíochtaí fótavoltacha	**Córais fhótavoltacha ghréine**		**85 %**	**Teaglaim de chóid AC**
Teicneolaíochtaí fótavoltacha		**Modúil fhótavoltacha + cealla fótavoltacha nó a gcoibhéis**[5]	**96 %**	**Cóid AC**
Teicneolaíochtaí fótavoltacha		**Inbhéartóirí fótavoltacha**	**62 %**	**Cóid AC**
Teicneolaíochtaí fótavoltacha		**Sliseoga fótavoltacha nó a gcoibhéis** ([1])	**100 %**	**Cóid TARIC**
Teicneolaíochtaí grianteasa	Córais grianteasa		2 %	Cóid AC

Fochatagóir na teicneolaíochta glan-nialasachta	Táirge deiridh	Príomh-chomhpháirt shonrach	An sciar de sholáthar an Aontais ó thíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad	Modheolaíocht
Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír, teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta	Tuirbíní gaoithe ar tír; Tuirbíní gaoithe amach ón gcósta		3 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír, teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta		Túir	10 %	Cóid TARIC
Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír, teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta		**Buanmhaighnéid tuirbíní gaoithe**	**99 %**	**ERMA**
Teicneolaíochtaí ceallraí	**Ceallra-phacaí; modúil ceallraí; cealla ceallraí**	**Ceallra-phacaí; modúil ceallraí; cealla ceallraí**	**59 %**	**Cóid AC**
Teicneolaíochtaí ceallraí		Deighilteoirí	46 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí ceallraí		**Ábhair ghníomhacha anóide**	**100 %**	**IEA**
Teicneolaíochtaí stórála imtharraingtí	Hidreastóráil phumpála		2 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí teaschaidéal	Teaschaidéil		22 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais	**Fostáisiúin ar tír; Fostáisiúin amach ón gcósta**		**52 %**	**Cóid AC**
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais		Cáblaí agus línte le haghaidh tarchur agus dáileadh leictreachais, agus cáblaí lena nasctar teicneolaíochtaí glan-nialasachta leis an eangach leictreachais (línte lasnairde, cáblaí faoi thalamh agus cáblaí faoin bhfarraige, lena n-áirítear HVDC agus HVAC) + seoltóirí leictreacha (lena n-áirítear ardseoltóirí agus forsheoltóirí ardteochta)	16 %	Cóid AC

Fochatagóir na teicneolaíochta glan-nialasachta	Táirge deiridh	Príomh-chomhpháirt shonrach	An sciar de sholáthar an Aontais ó thíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad	Modheolaíocht
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais	Claochladáin chumhachta	Claochladáin chumhachta	22 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais		Lascthrealamh; Caibinéid leictreonacha; Córais busbharraí	20 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais		Scoradáin chiorcaid	25 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais		Inslitheoirí	27 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais		Dínascóirí	12 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí timthrialla breosla núicléach		Lártheifneoirí	3 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí hidreachumhachta	Córais hidreatuirbíní		2 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí hidreachumhachta		Reathairí hidreatuirbín + Dáileoirí ag a bhfuil eití treoracha	10 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí claochlaitheacha tionsclaíocha le haghaidh an dícharbónaithe	Téitheoirí/ foirnéisí ionduchtaithe tionsclaíocha	Téitheoirí/foirnéisí ionduchtaithe tionsclaíocha	11 %	Cóid AC
Teicneolaíochtaí claochlaitheacha tionsclaíocha le haghaidh an dícharbónaithe		Leictreoidí graifíte nó carbóin le haghaidh foirnéisí leictreacha	29 %	Cóid AC

([1]) Tagraíonn an téarma 'coibhéis' do chéimeanna comhchosúla nó d'eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin a bhfuil gá leo le haghaidh teicneolaíochtaí tanascannáin, teaindim nó teicneolaíochtaí fótavoltacha eile.

Nótaí:

— Léirítear sciartha sholáthar an Aontais i gcolúin 4-6. Slánaítear na luachanna a léirítear go dtí an tslánuimhir is gaire.

— Ní léirítear sciartha faoi bhun 1 %.

— I gcló trom agus scáthú oráiste éadrom air: teicneolaíochtaí glan-nialasachta ag a bhfuil sciar de sholáthar an Aontais os cionn 50 % nó os cionn 40 % agus a bhfuil méadú 10 bpointe céatadáin ar a laghad tagtha orthu ar an meán ar feadh 2 bhliain as a chéile.

— Comhlíonann táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta ar aschur monarchan iad na critéir chun go measfar gur príomh-chomhpháirteanna sonracha iad, agus dá bhrí sin áirítear iad sa dá cholún.

— I gcás ina bhfuil roinnt teicneolaíochtaí glan-nialasachta i gcill i dTábla 2 arna ndeighilt ag ‘;’ ciallaíonn sé sin go bhfuil feidhm ag an sciar maidir le gach teicneolaíocht ghlan-nialasachta. Léirítear leis an tsiombail ‘+’ go bhfuil feidhm ag an sciar maidir leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta uile le chéile.

— Tagraíonn an mhodheolaíocht ‘cóid AC’ d’úsáid chóid na hAinmníochta Comhcheangailte mar a léirítear i Roinn IV ‘*Príomhfhoinsí sonraí*’.

— Tagraíonn an mhodheolaíocht ‘cóid TARIC’ d’úsáid chóid TARIC mar a léirítear i Roinn IV ‘*Foinsí sonraí eile atá le húsáid in éagmais cóid Ainmníochta Comhcheangailte shonracha*’.

— Tagraíonn an mhodheolaíocht ‘Teaglaim de chóid AC’ don teaglaim de roinnt cóid AC a bhaineann le roinnt comhpháirteanna, mar a dtugtar tuairisc uirthi i Roinn IV ‘*Athruithe i ríomh “sciartha de sholáthar an Aontais”*’foranna (i) agus (ii).

— Tagraíonn modheolaíocht ‘IEA’ d’úsáid thorthaí anailís na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh mar a léirítear i Roinn IV ‘*Foinsí sonraí eile atá le húsáid in éagmais cóid AC shonracha*’.

— Tagraíonn an mhodheolaíocht ‘ERMA’ do thorthaí na hanailíse de chuid Chomhghuaillíocht Amhábhar an Aontais mar a léirítear i Roinn IV ‘*Foinsí sonraí eile atá le húsáid in éagmais cóid AC shonracha*’.

— PV = fótavoltach, HVDC = sruth díreach ardvoltais, HVAC = sruth ailtéarnach ardvoltais.

— An tSín = Daon-Phoblacht na Síne.

IV. **MODHEOLAÍOCHT CHUN MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR SCIARTHA SHOLÁTHAR AN AONTAIS**

a. **‘Soláthar an Aontais’**

Chun meastóireacht a dhéanamh ar na sciartha de sholáthar teicneolaíochtaí glan-nialasachta an Aontais, ríomhtar ‘soláthar an Aontais’ le haghaidh bliain ar leith mar a shainmhínítear i gCothromóid 1:

Cothromóid 1

$$Soláthar\ an\ Aontais = Táirgeacht + Allmhairí - Onnmhairí$$

i gcás inarb é:

— *Táirgeacht* luach na táirgeachta laistigh den Aontas;

— *Allmhairí* luach na n-allmhairí chuig an Aontas ó gach tríú tír;

— *Onnmhairí* luach na n-onnmhairí ón Aontas chuig gach tríú tír.

Comhfhreagraíonn an cur chuige sin don choincheap ‘soláthar atá ar fáil’, lena gcuirtear san áireamh luach iomlán táirge atá ar fáil san Aontas, lena n-áirítear táirgeadh intíre agus allmhairí, agus onnmhairí á ndealú ([5]). Úsáidtear an foirmliú sin go forleathan sa litríocht eacnamaíoch agus roghnaíodh é chun críocha na Teachtaireachta seo mar gheall ar a ábharthacht i gcomhthéacs conarthaí fadtéarmacha, atá coitianta sna tionscail lena mbaineann. Go sonrach, is é an toimhde is bonn leis an gcur chuige sin go bhfuil allmhairí agus onnmhairí idirspleách, agus go mbeadh tionchar ag aon chur isteach ar allmhairí ar onnmhairí freisin. Mínítear de bharr ról an Aontais mar réigiún idirthurais, ina ndéantar earraí áirithe a allmhairiú agus a athonnmhairiú ansin chuig tíortha eile, an cinneadh allmhairí agus onnmhairí araon a áireamh i ríomh an tsoláthair. Tríd an dá chur chuige sin a mheas, soláthraítear leis an gcur chuige sin léiriú níos cruinne ar an éileamh intíre.

([5]) Aon uair a bhíonn sonraí ar fáil, ba cheart athruithe ar fhardail a chur san áireamh freisin agus soláthar an Aontais á ríomh.

b. **‘Sciartha de sholáthar an Aontais’**

Chun meastóireacht a dhéanamh ar na sciartha de sholáthar an Aontais de theicneolaíochtaí glan-nialasachta **de thionscnamh gach tríú tír**, sainmhínítear ‘sciar sholáthar an Aontais’ go ginearálta mar an cóimheas idir an luach a allmhairítear ó gach soláthróir de chuid tríú tíortha agus soláthar an Aontais, mar a léirítear i gCothromóid 2a:

Cothromóid 2a

$$Sciar\ de\ sholáthar\ an\ Aontais_{uile} = \frac{Allmhairí}{Soláthar\ an\ Aontais} * 100$$

i gcás inarb é:

— $Sciar\ de\ sholáthar\ an\ Aontais_{uile}$ an sciar de sholáthar an Aontais ó gach tríú tír.

— *Allmhairí* mar a shainmhínítear i gCothromóid 1;

— *Soláthar an Aontais* mar a shainmhínítear i gCothromóid 1.

Déantar sciartha sholáthar teicneolaíochtaí glan-nialasachta an Aontais **de thionscnamh tríú tíortha éagsúla** a ríomh go ginearálta mar an cóimheas idir luach na n-allmhairí chuig an Aontas de thionscnamh tríú tír ar leithagus soláthar an Aontais, mar a léirítear i gCothromóid 2b. Go háirithe, ríomhadh sciartha sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tíortha éagsúla le haghaidh na dtrí thríú tír ag a bhfuil an luach is mó allmhairí chuig an Aontas.

Cothromóid 2b

$$Sciar\ de\ sholáthar\ an\ Aontais_{n-soláthróir\ tríú\ tír\ is\ mó} = \frac{Allmhairí_{n-soláthróir\ tríú\ tír\ is\ mó}}{Soláthar\ an\ Aontais} * 100$$

i gcás inarb é:

— $Sciar\ de\ sholáthar\ an\ Aontais_{n-soláthróir\ tríú\ tír\ is\ mó}$ an sciar de sholáthar an Aontais ón n-soláthróir tríú tír is mó.

— $Allmhairí_{n-soláthróir\ tríú\ tír\ is\ mó}$ luach na n-allmhairí chuig an Aontas de thionscnamh na tríú tíre ag a bhfuil an n-luach is mó d’allmhairí chuig an Aontas;

— *Soláthar an Aontais* mar a shainmhínítear i gCothromóid 1.

I gcásanna áirithe, áfach, is gá foirmlithe malartacha de Chothromóid 2a,b a chur i bhfeidhm — féach Roinn IV.d le haghaidh cothromóidí malartacha.

c. **Príomhfhoinsí sonraí**

Luaitear in Airteagal 29(2) den Rialachán maidir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta go gcinnfear an tír thionscnaimh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 i gcás táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha ([6]). De réir na forála sin, ríomhadh na sciartha de sholáthar an Aontais dá bhforáiltear i Ranna II agus III — nuair is féidir — bunaithe ar an méid seo a leanas:

— **Cóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) le haghaidh** staitisticí maidir le hallmhairí agus onnmhairí, agus úsáid á baint as bunachar sonraí COMEXT ([7]), ([8]), ([9]).

— **Aicmiú PRODCOM** le haghaidh staitisticí táirgeachta, agus úsáid á baint as bunachar sonraí PRODCOM ([10]), ([11]).

Meastar gurb iad bunachair sonraí COMEXT agus PRODCOM, ar foinsí staidrimh oifigiúla iontaofa iad agus atá ar fáil go poiblí, na huirlisí is oiriúnaí chun sciartha sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tíorthaa ríomh. Tugann na bunachair sonraí sin forbhreathnú cuimsitheach cruinn ar shreafaí trádála agus ar shonraí táirgeachta, rud a áirithíonn anailís stóinsithe bheacht chun sciartha sholáthar an Aontais a ríomh.

Is iad cóid AC an príomh-mhodh a úsáidtear chun sciartha an tsoláthair a ríomh agus úsáidtear iad mar fhoinse fianaise ar bhonn réamhshocraithe. Mar sin féin, níl cód sonrach AC agus PRODCOM ag gach táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta ná ag gach príomh-chomhpháirt shonrach (féach Tábla 3 le haghaidh liosta na gcód AC agus PRODCOM a úsáideadh chun sciartha sholáthar an Aontais a chinneadh). Is léir an teorannú sin agus comparáid á déanamh idir liosta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta ar féidir na sciartha soláthair ina leith a shainaithint trí chóid AC (féach Tábla 1 agus Tábla 2) agus liosta na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún. Cé go n-áirítear leis sin liosta de 230 táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus príomh-chomhpháirteanna sonracha, is féidir sciartha sholáthar an Aontais a ríomh le haghaidh 21 theicneolaíocht ghlan-nialasachta amháin má tá an ríomh bunaithe ar chóid AC amháin. Chun úsáid mhodheolaíocht na gcód AC a leathnú, tá cóid AC nua a bhaineann go sonrach le teicneolaíochtaí glan-nialasachta á dtabhairt isteach ag an gCoimisiún. Tá leibhéal mionsonraithe chóid PRODCOM á mhéadú ag an gCoimisiún freisin agus é mar aidhm aige comhfhreagras ceann ar cheann a bhaint amach idir cóid PRODCOM agus cóid AC le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta. Cé go dtógfaidh sé am chun na feabhsuithe sin a chur i bhfeidhm, táthar ag súil go mbeidh tairbhí suntasacha ag baint leo sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Mura féidir modheolaíocht na gód AC a úsáid ar an gcúis thuas, úsáidtear foinsí sonraí eile chun sciartha sholáthar an Aontais de tháirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta eile agus de phríomh-chomhpháirteanna sonracha a ríomh.

d. **Foinsí sonraí eile atá le húsáid in éagmais cóid AC shonracha**

Nuair nach féidir sciartha sholáthar an Aontais de tháirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a ríomh trí úsáid a bhaint as cóid AC amháin, úsáidtear foinsí sonraí iontaofa breise. I gcás teicneolaíochtaí glan-nialasachta nach bhfuil cód AC sonrach acu, ceadaítear bunachar sonraí TARIC (Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh) chun a sheiceáil an ann do chód TARIC sonrach. I gcás ina mbeidh siad ar fáil, féadfaidh na cóid TARIC sin sonraí luachmhara a sholáthar maidir le hallmhairí trí bhunachar sonraí faireachais Ard-Stiúrthóireacht an Chánachas agus um an Aontas Custaim (TAXUD) sa Choimisiún (féach Tábla 4) ([12]).

Ós rud é go ndíríonn cóid TARIC ar staitisticí allmhairiúcháin, ní mór dhá bhreithniú a chur san áireamh agus iad á n-úsáid:

— Staitisticí maidir le honnmhairí a eisiamh: i gcás teicneolaíochtaí glan-nialasachta nach bhfuil ach cód TARIC gaolmhar acu, ní rianaítear staitisticí maidir le honnmhairí. Dá bhrí sin, eisiatar onnmhairí leis an modh sin chun sciartha de sholáthar an Aontais a ríomh, rud a chiallaíonn go dtugtar toradh níos coimeádaí leis an ríomh.

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

([7]) https://taxation-customs.ec.europa.eu/customs-4/calculation-customs-duties/customs-tariff/combined-nomenclature_ga.

([8]) https://ec.europa.eu/eurostat/comext/newxtweb/

([9]) Tá staitisticí maidir le hallmhairí agus onnmhairí a úsáidtear chun sciartha sholáthar an Aontais a ríomh bunaithe ar an 'ngnáthnós' imeachta staidrimh. Eisiatar leis an gcur chuige sin próiseáil isteach, próiseáil amach, athonnmhairiú earraí próiseáilte agus athallmhairiú earraí próiseáilte, mar a leagtar amach in eagrán 2020 de Threoir Úsáideoirí EUROSTAT maidir le staitisticí Eorpacha i ndáil le trádáil idirnáisiúnta earraí.

([10]) https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Industrial_production_statistics_introduced_-_PRODCOM.

([11]) https://ec.europa.eu/eurostat/web/prodcom/database.

([12]) Sa cholún deireanach de Thábla 1 agus Tábla 2, léirítear le 'cóid TARIC' cathain a ríomhtar sciartha sholáthar an Aontais trí úsáid a bhaint as sonraí a bhaineann leis na cóid TARIC.

— Measachán ar staitisticí táirgeachta: Forbraítear cóid PRODCOM, lena soláthraítear staitisticí táirgthe, go príomha le haghaidh táirgí a bhfuil cóid AC ghaolmhara acu. Dá bhrí sin, i gcás teicneolaíochtaí glan-nialasachta nach bhfuil ach cód TARIC gaolmhar acu, meastar sonraí táirgeachta bunaithe ar acmhainneachtaí monaraíochta. Úsáidtear sonraí maidir le hacmhainneacht mhonaraíochta arna mbailiú ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le comhlíonadh na dtagarmharcanna dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán NZIA (féach Airteagal 42(1) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) mar athróg ionadach le haghaidh táirgthe. I gcás inar gá, is féidir tiontú iomchuí ó chainníocht go luach an táirgthe a chur i bhfeidhm. Ós rud é go bhfuil an táirgeacht níos ísle ná an acmhainneacht mhonaraíochta iomlán, chun glacadh leis go bhfuil an táirgeacht cothrom leis an acmhainneacht mhonaraíochta, ciallaíonn sé sin gur cur chuige coimeádach é sin freisin i leith meastóireacht a dhéanamh ar sciartha sholáthar an Aontais.

Is é seo a leanas an chothromóid a eascraíonn as sin maidir leis an gcur chuige coimeádach chun meastóireacht a dhéanamh ar sciartha sholáthar an Aontais de theicneolaíochtaí glan-nialasachta nach bhfuil ach cóid TARIC ghaolmhara acu:

Cothromóid 3a,b

$$Sciar\ de\ sholáthar\ an\ Aontais_{uile} = \frac{Allmhairí}{Acmhainneacht\ mhonaraíochta + Allmhairí}100$$

$$Sciar\ de\ sholáthar\ an\ Aontais_{n-soláthróir\ tríú\ tír\ is\ mó} = \frac{Allmhairí_{n-soláthróir\ tríú\ tír\ is\ mó}}{Acmhainneacht\ mhonaraíochta + Allmhairí} * 100$$

i gcás inarb é:

— *Allmhairí* mar a shainmhínítear i gCothromóid 1;

— *Acmhainneacht mhonaraíochta* luach na hacmhainneachta monaraíochta laistigh den Aontas;

— $Allmhairí_{n-soláthróir\ tríú\ tír\ is\ mó}$ mar a shainmhínítear i gcothromóid 2b.

I gcás nárbh fhéidir sciartha sholáthar an Aontais de tháirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a ríomh trí úsáid a bhaint as cóid AC nó cóid TARIC, bhí an Coimisiún ag brath go sealadach ar fhoinsí sonraí eile. Sna cásanna sin, is príomhthagairtí iad sonraí ó *Energy Technology Perspectives 2024* de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) agus sonraí ó *Rare Earth Magnets and Motors* de chuid Chomhghuaillíocht Amhábhar an Aontais (ERMA)::*A European Call for Action* ([13]), ([14]), ([15]).

I dtuarascáil *Energy Technology Perspectives 2024* de chuid IEA, soláthraítear sonraí 2023 maidir le táirgeacht, onnmhairí agus allmhairí an Aontais ó thríú tíortha éagsúla (i.e. iad siúd a bhfuil na luachanna allmhairí is mó acu) agus ó gach tríú tír, a úsáidtear chun sciartha sholáthar an Aontais a ríomh de réir Chothromóidí 2a agus 2b. Tá samhail mhonaraíochta agus trádála (MaT) IEA mar bhonn taca leis na figiúirí sin, lena dtugtar léargas dinimiciúil ar shlabhraí soláthair domhanda trí léargais a thabhairt ar leibhéil táirgeachta, ar acmhainneacht mhonaraíochta agus ar shreafaí trádála déthaobhacha le haghaidh sé tháirge deiridh de chuid teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna. Le samhail MaT, comhtháthaítear éilimh réigiúnacha agus cuirtear cur chuige barrfheabhsaithe is lú costas i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar an gcothromaíocht bhliantúil is fearr costais idir monaraíocht intíre agus allmhairí, agus tosca amhail acmhainneachtaí monaraíochta, costais táirgthe, costais trádála, beartais thionsclaíocha agus trádála réigiúnacha, agus treochtaí infheistíochta i margaí atá ag teacht chun cinn á gcur san áireamh ([16]).

([13]) IEA (2024) Energy Technology Perspectives 2024, https://www.iea.org/reports/energy-technology-perspectives-2024.

([14]) Sa cholún deireanach de Tháblaí 1 agus Tábla 2, léirítear le 'IEA' cathain a chinntear sciartha sholáthar an Aontais trí úsáid a bhaint as na torthaí ó thuarascáil 2024 de chuid IEA maidir le peirspictíochtaí teicneolaíochta fuinnimh.

([15]) Gauß R., Burkhardt C, Carencotte F, Gasparon M, Gutfleisch O, Higgins I, et al. (2021) Rare Earth Magnets and Motors: A European Call for Action. Tuarascáil ó Ghrúpa na Maighnéad agus Mótar Tearc-Chré de chuid Chomhghuaillíocht Amhábhar an Aontais https://eitrawmaterials.eu/sites/default/files/2024-11/2021_07-13_REE%20Cluster%20Report.pdf.

([16]) IEA (2024) Energy Technology Perspectives 2024 – Iarscríbhinn, https://iea.blob.core.windows.net/assets/168cbd7d-deeb-4678-8578-4f9e0de73b4d/EnergyTechnologyPerspectives2024Annex.pdf.

